

AN CHOMHAIRLE UM OIDEACHAS GAELTACHTA AGUS GAELSCOLAÍOCHTA

Aighneacht le cur faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir le

Better Literacy and Numeracy for Children and Young People- **A Draft National Plan to Improve Literacy and Numeracy in Schools**

Summary of submission

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) was set up under the provisions of the Education Act (1998) to advise the Minister for Education and the NCCA on Irish medium education and on the teaching of Irish in all schools in Ireland.

The central point of this submission is the total disregard, in the draft plan, of Irish as a first language, as a language of instruction, or as a language taught in all schools in Ireland.

There is only one reference to Irish in the draft plan:

'In this plan, literacy refers to the development of these capabilities in the first language of the school'

All references to research findings, assessment, learning resources, reports of the Inspectorate etc apply only to the English language, and not one recommendation refers to Irish language learning, nor to Irish as a medium of instruction, nor more importantly, to the needs of children whose first language is Irish.

COGG recommends that the next draft of this plan recognises that there are c38000 children being educated in Gaeltacht and all-Irish primary schools, and that all of the children in our schools are taught Irish from the time they start their formal education. Literacy in English is developed in Junior Infant classes in Gaeltacht and all-Irish primary schools and from 2nd class in all other primary schools. Bilingualism is recognised as a critical advantage in learning third and subsequent languages.

COGG, as the DES agency set up to advise the Minister and the NCCA, requests membership of the **National Literacy and Numeracy Implementation Group and the National Literacy and Numeracy Forum**.

Réamhrá

Fáiltíonn an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) roimh fhoilsiú dréachtphlean náisiúnta d'fheabhsú na litearthachta agus na huimhearthachta inár scoileanna. Is cúis díomá é, áfach, nach moltar gníomh ar bith sonracha a bhaineann le litearthacht na Gaeilge sa dréachtphlean. Ní léir go raibh aon fheasacht ar riachtanais na scoileanna Gaeltachta ná lán-Ghaeilge i measc na n-údar. Ní thugtar aon aitheantas do theagasc na Gaeilge, ach an oiread, mar ghné lárnach d'fhorbairt na litearthachta, i mbunscoileanna uile na tíre.

Tá sé leagtha síos sa dréachtphlean go mbunófar Grúpa Gníomhaithe don Litearthacht agus don Uimhearthacht agus Fóram Litearthachta agus Uimhearthachta le feidhmiú an phlean a mhaoirsiú. De bharr an easnamh a léirítear thuas agus de bharr na bhfeidhmeanna reachtúla atá ag COGG faoi fhorálacha Alt 31(a)(ii) den Acht Oideachais (1998):

‘comhairle a thabhairt don Aire maidir le beartais a bhaineann le hoideachas trí mheán na Gaeilge...’

agus in Alt 31 (b):

‘comhairle a thabhairt don Aire maidir le straitéisí a bhfuil de chuspóir leo feabhas a chur ar éifeachtacht mhúineadh na Gaeilge i scoileanna aitheanta agus i lárionaid oideachais’,

tá iarratas á chur ag COGG faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Scileanna go mbeidh ionadaíocht ag COGG ar an nGrúpa Gníomhaithe agus ar an bhFóram.

Caighdeán na litearthachta

Is fiú a thabhairt faoi deara go bhfuil fianaise ann ó mheasúnú PISA (The Programme for International Student Assessment) a dhéanann measúnú idirnáisiúnta ar scileanna litearthachta, matamaitice agus eolaíochta faoi choimirce an OECD, go bhfuil titim suntasach ar chaighdeán litearthachta i measc daltaí a bhí cúig bhliain déag d'aois i 2009.

‘Ireland’s mean score in 2009 is some 31 points (about one-third of a standard deviation) lower than in 2000, when reading was also a major assessment domain. This decline is the largest across all 39 countries that participated in both PISA 2000 and PISA 2009, resulting in Ireland’s rank falling from 5th to 17th among such countries. The performance of students in Ireland declined uniformly across all ability levels and so cannot be attributed to one particular group such as very high or very low achievers doing poorly.’ PISA 2009: The Performance and Progress of 15 year olds in Ireland

Díol suntais é gur saolaíodh na daoine óga seo i 1994 agus gur tháinig siad tríd an gcóras bunscolaíochta agus an Curaclam Bunscoile Athbhreithnithe (1999) i bhfeidhm. Faoin gcuraclam seo, ní thosaítear ar léitheoireacht na Gaeilge i scoileanna ina bhfuil an Béarla mar mheán go dtí rang a 2 seachas i rang na naíonán, mar a bhí i gceist roimhe sin. Tá léirithe i dtátail thaighde gur fusa na scileanna litearthachta a fhorbairt sa Ghaeilge ná sa Bhéarla de bharr go bhfuil córas litrithe na Gaeilge níos simplí ná litriú an Bhéarla agus b'fhéidir go bhfuil tionchar an athruithe seo le sonrú i dtorthaí mheasúnú PISA.

Léirítear sa taighde, *Learning to read in Irish and English: A comparison of children in Irish-medium, Gaeltacht and English-medium schools in Ireland* (Christine Parsons agus Fiona Lyddy, Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad. 2009):

...'The English orthography is complex, with numerous inconsistencies in its grapheme-phoneme correspondences and consequently many exception or irregular words.'

...'Numerous standardisations of Irish spelling have resulted in a relatively good correlation between writing and sound mappings and, although some inconsistencies remain, the orthography of Irish is not as deep as that of English.'

Conclusion

...'Children in the Irish-medium and Gaeltacht schools were found to acquire higher levels of Irish decoding skill, Irish vocabulary and knowledge of Irish orthographic patterns than age-matched children attending an English-medium school. These advantages were without cost to their later English word reading/ decoding skill as measured here.'

Easnamh na Gaeilge sa phlean

Tá sé le tabhairt faoi deara sa dréachtphlean, nár cuireadh riachtanais cainteoirí dúchais, ná cainteoirí líofa Gaeilge, ná daltaí na scoileanna lán-Ghaeilge san áireamh agus an phlean á fhorbairt. Ní thugtar aon aitheantas don Ghaeilge mar a bhaineann le forbairt na litearthachta i scoileanna na tíre. Luann An Tánaiste, Mary Coughlan, TD, litríocht na hÉireann i réamhrá an phlean ach tá sé intuigthe sa phlean nach n-áirítear litríocht na Gaeilge mar chuid dá sin . De réir fo-nóta ar leathanach a 9:

'In this plan, literacy refers to the development of these capabilities in the first language of the school'

ach ní luaitear an Ghaeilge go sonrach in aon mholadh ná in aon straitéis ann.

Déantar iliomad tagairtí do Mheasúnuithe Náisiúnta sa Chumas Léitheoireachta Béarla:

'The literacy skills of Irish students in primary schools, measured by the National Assessments of English Reading, have not improved in over thirty years'.

Ní luaitear trialacha measúnaithe sa Ghaeilge in aon áit sa cháipéis cé gur forbraíodh a leithéid le déanaí san Ionad Taighde Oideachais, Droim Conrach, agus tá áis mheasúnaithe don luathlitearthacht ar fáil i dTuaisceart Éireann.

Luaitear tuairiscí na cigireachta sa dréachtphlean ach is tagairtí do cheachtanna Béarla atá i gceist. Ní luaitear teagasc na Gaeilge i scoileanna Gaeltachta ná lán-Ghaeilge, gan trácht ar gach scoil eile sa tír.

Maidir leis na spriocanna a luaitear d'fheabhsú na litearthachta agus na huimhearthachta, luaitear '*baseline data from assessments*' agus trácht á dhéanamh ar an teanga labhartha agus déantar tagairtí arís agus arís eile don Mheasúnú Náisiúnta sa Chumas Léitheoireachta Béarla. Is léir nach raibh measúnú

na Gaeilge labhartha (Déiseach agus Sheil, ERC) ná trialacha measúnaithe cluastuisceana, léamh agus scríobh Drom Conrach i gceist ag an údar (ERC).

Maidir le hoideachas réamhsheirbhíse agus le hoideachas iarchéime múinteoirí, is léir nach raibh litearthacht sa Ghaeilge san áireamh ar chor ar bith agus an dréachtphlean á scríobh. Moltar féachaint leis an gcaighdeán iontrála sa mhatamaitic a ardú dóibh siúd ar mian leo céim san oideachas a bhaint amach. Ní luaitear caighdeán na Gaeilge san Ardeistiméireacht ná sna Coláistí Oideachais ná na dúshláin a bhaineann leis an Scrúdú Cáilíochta Gaeilge - an cháilíocht sa Ghaeilge do mhúinteoirí a oileadh thar lear.

Maidir le hoideachas réamhsheirbhíse múinteoirí, tá bliain bhreise le cur le faid na gcúrsaí céime agus iarchéime ar mhaithe le hoiliúint a chur ar mhúinteoirí do theagasc na litearthachta. Moltar gur sa dá theanga, Gaeilge agus Béarla, a dhéanfar seo.

Moltaí an phlean

Moltar ‘Reading Recovery’ agus ‘Maths Recovery’ mar ghníomhaíochtaí inmholta cé nach bhfuil macasamhail na dtionscnamh seo ar fáil go náisiúnta as Gaeilge. B’fhiú go mór na cúrsaí seo a chur ar fáil do litearthacht na Gaeilge agus d’fhoghlaim na matamaitice trí Ghaeilge. Tá sé tábhachtach go n-ullmhófaí leaganacha Gaeilge de scéimeanna idirghabhála DEIS ós rud é go bhfuil líon ard de scoileanna na Gaeltachta agus 10% de Ghaelscoileanna i scéim DEIS.

De réir an Phlean, beidh áiseanna tacaíochta don litearthacht agus don uimhearthacht ar fáil i Meán Fómhair 2011. Is gá a chinntiú go mbeidh áiseanna oiriúnacha ar fáil go comhuaineach do scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge, chomh maith le scoileanna eile na tíre. B’fhiú forbairt ghairmiúil a chur ar fáil do mhúinteoirí maidir le forbairt na litearthachta (Gaeilge agus Béarla) agus na huimhearthachta ar bhonn traschuraclaim.

Moltar an t-am a chaitear le litearthacht agus Mata a mhéadú ó 7 n-uair an chloig go 10 n-uair an chloig in aghaidh na seachtaine. Is mór an buntáiste a bheadh anseo do scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge le tacú le sealbhú na Gaeilge, go háirithe, ó thaobh na teanga labhartha de, mar bhunús d’fhorbairt na litearthachta.

...‘Getting the curriculum right at each stage of the child’s development and ensuring that the curriculum is implemented as effectively as possible are essential if we are to ensure that children and young people acquire the knowledge, skills and attitudes they need as students and adults.’

Fáiltítear roimhe go bhfuil sé leagtha síos mar sprioc sa phlean go ndéanfar athbhreithniú ar Churaclam na Bunscoile agus go mbeidh an t-athbhreithniú seo curtha i gcrích faoi Mheán Fómhair 2012. Tá fíorthábhacht leis an sprioc seo ós rud é nach dtugtar aon aitheantas do chainteoirí dúchais Gaeilge ná don oideachas trí mheán na Gaeilge sa Churaclam Bunscoile (1999).

...‘This is reflected in considerable variation in the amount of time devoted to literacy and mathematics teaching revealed in the National Assessment of Mathematics and English Reading in 2009. While the curriculum emphasises the importance of an integrated approach, there is

little evidence of a focus on literacy/numeracy development outside of the teaching of English and Mathematics’.

Maidir leis an *‘little evidence’*, déantar neamhaird do theagasc litearthacht na Gaeilge i scoileanna na tíre, bídís ag teagasc trí Ghaeilge nó trí Bhéarla.

Ní thugtar aitheantas ach chomh beag do chainteoirí dúchais ná do dhaltaí sa chóras oideachais lán-Ghaeilge i siollabais Ghaeilge an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteistiméireachta. Luaitear, go fánach, go bhfuil freagracht, ó thaobh litearthachta de, ar mhúinteoirí Gaeilge ach deirtear:

...‘Literacy teaching at post-primary level is addressed in the English syllabus in broad outline and is elaborated in the accompanying teacher guidelines’.

Ós rud é gur ábhar éigeantach í an Ghaeilge in iarbhunscoileanna na tíre, is ait nach dtugtar aitheantas don deis cur le scileanna litearthachta trí theagasc na Gaeilge. Tá an-bhéim anois go hidirnáisiúnta ar ‘teanga ar mhaithe le foghlaim’ agus na buntáistí a bhaineann leis. Is ceart spriocanna a leagan síos i leith measúnú caighdeánaithe i nGaeilge do gach scoil. Ar ndóigh, tá tábhacht níos mó le litearthacht na Gaeilge sna hiarbhunscoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge de bharr gurb í teanga dhúchais roinnt daltaí í agus gurb í teanga teagaisc gach dalta í.

Maidir le scoileanna DEIS, luaitear tábhacht na dtionscnamh *Reading Recovery, First Steps, Maths Recovery* agus *Ready Set Go Maths*. Tá líon ard scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge i scéim DEIS ach níl na tionscnaimh seo ar fáil go náisiúnta as Gaeilge. Tá na páistí agus na daoine óga sna scoileanna seo á gcur faoi mhíbhuntáiste breise ceal infhaighteacht na gclár seo as Gaeilge.

Luaitear gur cheart córas a fhorbairt chun scoileanna den chineál céanna a mheas agus a chur i gcomparáid le chéile. Tá sé tábhachtach go gcinnteofaí in aon chóras den chineál seo nach bhféadfaí táblaí comparáide a fhorbairt nó a fhoilsiú a dhéanfadh dochar do phrionsabail oideachasúla scoileanna.

‘Standardised test scores in literacy and numeracy are connected to the expected achievement for all students of a particular age or class but do not take account of school context factors. Like ours evidence is different. Like ours evidence would give schools access to information about the achievement levels of students in ‘matching’ schools.’

De réir an dréachtphlean, cuirfear comhairle agus tacaíocht ar fáil ar-líne do phríomhoidí agus beidh módúil ar mheasúnú na litearthachta agus na huimhearthachta mar ghné éigeantach de chlár oiliúna príomhoidí nua-cheaptha. Is gá a chinntiú go mbeidh riachtanais na scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge san áireamh sna tionscnaimh seo, chomh maith le haitheantas do ról na Gaeilge i bhforbairt na litearthachta i scoileanna uile na tíre.

Moltar freisin gan tosca baile a fhágáil as an áireamh agus an tslí a dtéann na tosca sin i bhfeidhm ar an bhfoghlaim. Ba cheart d’aon treoir le haghaidh tuismitheoirí teangacha an bhaile a thabhairt san áireamh, an suíomh dhátheangach ach go háirithe.

CONCLÚID

Tá sé riachtanach go mbeidh COGG páirteach sa tionscadal nua seo le hionadaíocht ar an nGrúpa Feidhmithe agus ar an bhFóram. Is gá a chinntiú go bhfuil aitheantas sa phlean do riachtanais na scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge agus do na dúshláin mar a bhaineann le háiseanna agus seirbhísí tacaíochta a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge.

Is gá a chinntiú freisin go dtugtar aitheantas do thábhacht theagasc na Gaeilge i bhforbairt na litearthachta i scoileanna uile na tíre.

Muireann Ní Mhóráin

Príomhfheidhmeannach

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

22 Plás Mhic Liam

Baile Átha Cliath 2

Fón: 01 6340831

Facs: 01 6341002

www.cogg.ie

Feabhra 2011